RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2180 ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Samhain 2022

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/1509 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle an 30 Lúnasa 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 329/2007 ([1]), agus go háirithe Airteagal 47(5) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 30 Lúnasa 2017, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2017/1509.

(2) An 14 Meán Fómhair 2022, rinne Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 1718 (2006) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nuashonrú ar an bhfaisnéis a bhaineann le dhá eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2017/1509 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2017/1509 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Samhain 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Z. STANJURA

([1]) IO L 224, 31.8.2017, lch. 1.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509, faoin gceannteideal "(b) Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí", cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 36 agus 74:

	Ainm	Ailias	Suíomh	Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe	Faisnéis eile
"36.	Singwang Economics agus Trading General Corporation		Seoladh: DPDC (Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré)	30.11.2016	Is gnólacht DPDC é a bhíonn ag trádáil guail. Gineann DPDC sciar shuntasach den airgead dá cláir diúracán núicléach agus balaistíoch trí mhianadóireacht a dhéanamh ar acmhainní nádúrtha agus na hacmhainní sin a dhíol thar lear.
74.	Weihai World-Shipping Freight		Seoladh: 419-201, Tongyi Lu, Huancui Qu, Weihai, Shandong 264200, China; Uimhir IMO: 5905801	30.3.2018	Bainisteoir loinge agus tráchtála XIN GUANG HAI, soitheach a thug gual ar bord ag Taean, DPDC, an 27 Deireadh Fómhair 2017 agus a raibh am teachta measta aige an 14 Samhain 2017 go Cam Pha, Vítneam, ach nár shroich sé.".